GAELSCOIL NA RÍTHE
DOMHMACH SEACHNAILL
CO. NA MÍ
PH: (01) 8259933
FAX: (01) 8258469

Polasaí dáileadh leighis

Cé go bhfuil sé de dhualgas ar an mBord Bainistíochta sláinte agus sábháilteacht na bpáistí a chosaint nuair atá siad i mbun imeachtaí scoile, ní hé sin le rá go bhfuil dualgas ar bhaill foirne na scoile, ar bhonn pearsanta, leigheas a dháileadh. Mar threoir ghinearálta níor cheart baint a bheith acu le dáileadh leighis i gcoitinne.

Iarrann an Bord Bainistíochta ar thuistí eolas a chur chuig múinteoirí i scríbhinn má bhíonn tinneas áirithe ag cur as dá bpáiste.

Más gá go mbíonn leigheas dáilithe ar pháiste i rith an lae scoile agus mura mbíonn tuismitheoir/caomhnóir an dalta in ann teacht chun na scoile chun an leigheas a dháileadh is cóir an cur chuige thíos a leanúint:

1. Ní bheidh leigheas ná oideas neamh-réamhscríobhtha á stóráil nó á dháileadh ar scoil. Ní bheidh leigheas le hoideas á dháileadh gan cead i scríbhinn ó na tuistí ná i ngan fhios don Bhord Bainistíochta.
2. Coinneofar an leigheas faoi ghlas i gcófra. Má bhíonn plúchadh ag cur as do pháiste caithfidh siad a bheith in ann teacht ar a ionanálaitheoir go héasca i rith an lae. Caithfidh na tuistí a chur in iúl don mhúinteoir má bhíonn ionanálaitheoir ag an bpáiste.
3. Ba cheart do pháiste leigheas a ghlacadh iad féin, más féidir in aon chor, faoi stiúradh dhuine fásta nó ag am lóin ag tuiste/caomhnóir.
4. Caithfear nóta a choinneáil den dáta agus an dáiliú.
5. Níl sé de chead ag múinteoir leigheas a dháileadh gan údarás ón mBord, ach, ar ndóigh, ní ceadmhach don bhord iarraidh ar mhúinteoir faoi leith leigheas a dháileadh ar dhalta.
6. I gcásanna práinneacha cuardófar cabhair ó dhuine cáilithe a luaithe is féidir é.
7. Má tharlaíonn sé go n-iarrtar ar an scoil/oide leigheas a thabhairt do dhalta caithfidh na tuistí/caomhnóirí iarratas i scríbhinn a sheoladh chuig an scoil.
8. Is gá an teolas iomlán agus na treoracha cuí, ag cur stóráil san áireamh agus socraithe do laethanta go mbíonn an oide ranga as láthair a chur san áireamh san iarratas.
9. Má tá tinneas ar pháiste a chuireann iad i mbaol bháis caithfidh tuistí a chur in iúl i scríbhinn céard is féidir nó nach féidir a dhéanamh ar uair na práinne.
10. Lorgóidh an scoil litir shlánaíochta nó "indemnity form"sínithe ag na tuistí/caomhnóirí i gcásanna den chineál seo.
11. Más féidir, ba cheart do na tuismitheoirí socraithe a dhéanamh leigheas a dháiliú taobh amuigh d'uaireanta scoile.
12. Sa chas go mbíonn cead tugtha ag an mBord leigheas a dháileadh, is gá an méid is lú leighis a chur chun na scoile, i seilbh tuismitheora más féidir, agus treoracha cinnte i scríbhinn i leith dáileadh an leighis, agus ainm an pháiste leis.
13. Ba cheart aon athrú sa leigheas a chur in iúl don scoil láithreach le treoracha chun an leigheas nua seo a dháileadh agus a stóráil.

Ba cheart do thuistí a chinntiú go dtuigeann siad na coinníollacha thuas sula gcuireann siad aon iarratas chuig an Bord Bainistíochta.

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo go rialta agus nuair is gá.